# Socruithe Iniúchta agus Dearbhaithe

## An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Ullmhaithe ag: Catherine Dobbins,mí Aibreáin 2016
Athbhreithniú déanta ag: Catherine Dobbins - Athbhreithniú Bliantúil Déanta
Mí Aibreáin 2023
Faofa ag: An mBord Bainistíochta 3 Bealtaine 2023
Faofa ag Bord na SCP:  21 Meitheamh 2023
Faofa ag an gCoiste Iniúchta:  29 Meitheamh 2023

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Ábhar


Socruithe Iniúchta agus Dearbhaithe 2

Cairt Iniúchta Inmheánach 4

Cairt agus Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchta 8

An Clár um Dhearbhú agud Fheabhsú Cáilíochta 16

Straitéis agus Beartas maidir le Bainistíocht Riosca 19

Ról agus Nósanna Imeachta na Feidhme Iniúchta Inmheanaí 36

Seicliostaí na Feidhme Iniúchta Inmheanaí 43

Aguisíní

Aguisín 1 – Sainmhínithe (ón Straitéis agus ón bPolasaí maidir le Bainistíocht Riosca) 45

Aguisín 2 – Dóchúlacht maidir le Rioscaí a chur san áireamh 47

Aguisín 3 – Tionchar an Riosca a chur san áireamh 48

Aguisín 4 – Foirm Tuairiscithe d’Eachtraí agus Neas-Teagmhas 50

Aguisín 5 – Ráiteas i dtaca le Dúil maidir le Riosca 53

Aguisín 6 – Ráiteas maidir le Leasanna 55

## Socruithe Iniúchta agus Dearbhaithe

Tá roinnt socruithe iniúchta agus eile i bhfeidhm sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a thugann dearbhú go bhfuil a hacmhainní á mbainistiú i gceart ag an eagraíocht agus go bhfuil measúnú agus bainistíocht chuí á déanamh aici ar rioscaí. Téann an cháipéis seo leis an gCreat Rialachais Chorparáidigh.

**Ról an Choiste Iniúchta agus socruithe tuairiscithe leis an bPríomhfheidhmeannach**

Tá Coiste Iniúchta ag an tSCP a oibríonn de réir treoirlínte foilsithe don Státseirbhís[1]. Tá ról neamhspleách ag an gCoiste Iniúchta maidir le dearbhú a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach. Tá na dualgais seo a leanas i gceist: scrúdú a dhéanamh ar shásúlacht agus ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánacha, agus na timpeallachta rialaithe agus na nósanna imeachta rialaithe laistigh den tSCP. Ina theannta sin, déanann an Coiste maoirseacht ar fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh sa tSCP agus tugann sé comhairle agus treoir ghairmiúil don Phríomhfheidhmeannach maidir le feidhm an Iniúchta Inmheánaigh a fhorbairt. Tugann an Coiste Iniúchta comhairle agus treoir maidir leis na córais bhainistíochta riosca agus rialaithe inmheánaigh sa tSCP chomh maith.

Feidhmíonn Coiste Iniúchta na SCP faoi chairt scríofa. Ní oibríonn Cathaoirleach an Choiste Iniúchta, ná aon Bhall den Choiste, ag obair sa tSCP, agus tá saineolas cuí ag an gCoiste.

Ullmhaíonn an Coiste Iniúchta tuairisc bhliantúil don Oifigeach Cuntasaíochta, ina ndéantar athbhreithniú ar a oibríochtaí, agus tugann sé cuireadh don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste bualadh leis uair amháin sa bhliain, ar a laghad[2];

**Feidhm an Iniúchta Inmheánaigh sa tSCP**

Cuirtear formhór na hoibre athbhreithnithe a dhéanann feidhm an Iniúchta Inmheánaigh amach ar chonradh le comhlacht seirbhísí gairmiúla. Oibríonn an

[1]Treoir an Choiste Iniúchta – 2014 – ar fáil ar http://www.per.gov.ie/en/minister-howlin-announces-publication-of-audit-committee-guidance/
[2]Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí.

fheidhm de réir plean iniúchta trí bliana, a cheadaíonn an Príomhfheidhmeannach agus faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúchta.

Cuirtear gach dréacht de thuairiscí iniúchta ar aghaidh chuig na baill chuí de Bhord Bainistíochta na SCP ionas gur féidir leis an lucht bainistíochta freagraí a ullmhú. Nuair a chuirtear i gcrích iad, déantar rianú agus monatóireacht ar aon bhearta a thagann chun cinn iontu trí thuairiscí rialta ó lucht bainistíochta na SCP chuig Coiste Iniúchta na SCP.

Tá Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha ina ball den “Fhóram do Cheannasaithe an Iniúchta Inmheanaigh” de chuid na Státseirbhíse chomh maith, a chuireann fóram ar fáil chun ple a dhéanamh ar cheisteanna beartais agus oibríochta a bhaineann le hiniúchadh inmheánach i gcomhlachtaí státseirbhíse mar aon le dea-chleachtas agus forbairtí nua a scaipeadh laistigh de réimse an iniúchta inmheánaigh.

**Bainistíocht Riosca**

Tá córas bainistíochta i bhfeidhm sa tSCP. San áireamh, tá Creat Bainistíochta Riosca agus Beartas Bainistíochta Riosca atá oiriúnach do mhéid agus scála na heagraíochta agus atá de réir Threoir chuí na Státseirbhíse maidir le Bainistíocht Riosca. Tá cur chuige comhtháite agus iomlánaíoch i leith na bainistíochta riosca ina phríomhghné maidir le rialachas corparáideach éifeachtach a bhaint amach. Tugann an tSCP aird ar a dualgais bhainistíochta agus tá próisis i bhfeidhm inti chun dul i ngleic le rioscaí suntasacha gnó, straitéise, oibríochta, airgeadais, comhlíonta agus eile a chuireann isteach ar spriocanna straitéise agus oibríochta na heagraíochta a bhaint amach.

Déanann Grúpa Bainistíochta Riosca maoirseacht ar chur i bhfeidhm agus ar mhonatóireacht an phróisis seo. Oibríonn an grúpa faoi théarmaí a leagtar amach sa Straitéis agus Pholasaí Bainistíochta Riosca a leagtar amach thíos. Tuairiscíonn an Grúpa don Choiste Iniúchta Inmheánaigh ag gach cruinniú agus tugtar eolas faoi rioscaí reatha atá ag an eagraíocht don Choiste Iniúchta agus do Bhord na SCP ag gach cruinniú. Tuairiscíonn an Grúpa (tríd an gCathaoirleach) don Bhord Bainistíochta agus don Oifigeach Cuntasaíochta i ndiaidh gach cruinnithe den Ghrúpa Bainistíochta Riosca. Is fo-ghrúpa ainmnithe den Bhord Bainistíochta e an Grúpa, agus tá saineolas feidhme ar fáil air.

## Cairt Iniúchta Inmheánaigh

### Réamhrá

Sa Chairt seo, leagtar cuspóir, údarás agus dualgais fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí amach.

### Feidhm an Iniúchta Inmheánaigh

De réir mholtaí Chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus na nOifigeach Cuntasaíochta, tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tiomanta dona chinntiú go gcoinnítear agus go dtugtar tacaíocht do fheidhm iniúchta inmheánaigh ar ardchaighdeán.

Comhlíonfaidh feidhm an Iniúchta Inmheánaigh a gníomhaíochtaí de réir na gCaighdeáin um Iniúchadh Inmheánach a eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus de réir dea-chleachtais a leagann Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha amach.

De réir mar is gá, bainfidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí úsáid as seirbhísí Soláthraithe Iniúchta cháilithe.

Cinntíonn feidhm an Iniúchta Inmheánaigh go gcuirtear conradh cuí i bhfeidhm maidir le hiniúchtaí inmheánacha a chuirtear amach ar conradh agus go gcloítear le téarmaí an chonartha agus go ndéantar iniúchtaí ar ardchaighdeán.

### An Ról agus Freagrachtaí

Is é príomhról an Iniúchta Inmheánaigh laistigh den Oifig dearbhú a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta agus don Choiste Iniúchta maidir le sásúlacht agus héifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh na hoifige agus na timpeallachta bainistíochta riosca.

Tá bainisteoirí líne iomlán freagrach as an rialú inmheanach, lena n-áirítear calaois a chosc agus a aithint agus bainistíocht riosca, a chinntíonn, in ainneoin gníomhaíochtaí iniúchta, go bhfuil socruithe cuí agus sásúla i bhfeidhm ina réimse

freagrachta. Tá an bhainistíocht líne atá i gceist iomlán freagrach chomh maith as moltaí iniúchta a chur i bhfeidhm.

**Scóip**

Déanfaidh feidhm an Iniúchta Inmheánaigh athbhreithniú agus measúnú ar na nithe seo a leanas:

(a) Sásúlacht, iontaofacht agus ionracas an eolais a chuirtear ar fáil i dtaca le cinntí a dhéanamh agus cuntasacht, agus an chaoi a n-úsáidtear an t-eolas seo;

(b) An leibhéal comhlíonta le reachtaíocht (sa bhaile agus idirnáisiúnta) agus le riachtanais eile a leagtar amach go lárnach (.i. An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) agus pleananna bainistíochta, nósanna imeachta agus polasaithe;

(c) Sócmhainní a fháil agus fáil réidh leo agus sócmhainní agus leasanna a chosaint i dtaca le caillteanas, lena n-áirítear caillteanas a tharlaíonn de bharr calaoise, míchleachtais agus mírialtachta;

(d) Socruithe maidir le húsáid eacnamaíoch agus éifeachtach a bhaint as acmhainní sa réimse a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air.

Agus an dualgas seo á chomhlíonadh aige, aithneoidh an tIniúchadh Inmheánach agus tuairisceoidh sé ar aon easpa nó laigí i gcórais agus i rialú agus déanfaidh siad moltaí cuí maidir leis na réimsí sin a fheabhsú.

Cinnteoidh Feidhm an Iniúchta Inmheánaigh go gcoinnítear gach eolas agus taifead faoi rún le linn an phróisis Iniúchta. Tá an tIniúchóir Inmheánach freagrach as a chinntiú go gcoinnítear gach taifead agus eolas a mbaintear úsáid as agus an obair seo ar siúl faoi rún agus go gcosnaítear é.

**Údarás**

Faigheann feidhm an Iniúchta Inmheánaigh údarás ón Oifigeach Cuntasaíochta.

Chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, tugann an tOifigeach Cuntasaíochta cead do bhaill foirne i réimse an iniúchta inmheánaigh rochtain iomlán, shaor agus gan srian ar thaifid, shócmhainní agus phearsanra uilig na hOifige i gcónaí, ach an rochtain sin a bheith réasúnta, agus tá cead acu an t-eolas agus ma mínithe uilig atá ag teastáil uatha chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach cuí a lorg agus a fháil.

**Neamhspleáchas**

Chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh, ní bheidh an fheidhm freagrach, ag leibhéal oibríochta, as agus beidh sí neamhspleách ó na gníomhaíochtaí ar an ndéanann siad iniúchadh. Dá bharr seo, cuirtear timpeallacht ar fáil inar féidir leis an bhfeidhm breithiúnas neamhchlaonta a thabhairt agus comhairle neamhchlaonta a thabhairt don lucht bainistíochta. Sa tSCP, cinntítear an neamhspleáchas seo trí sholáthraí iniúchta inmheánaigh ar conradh a úsáid, a dhéanann iniúchtaí bunaithe ar an bPlean Iniúchta Straitéiseach dona dtugann an Coiste Iniúchta faomhadh (tá baill an Choiste seo neamhspleách ón eagraíocht). Más chaithfidh an fheidhm iniúchta inmheánach sa tSCP iniúchtaí a dhéanamh, ní dhéanfar iad ach ar réimsí nach bhfuil faoi chúram Cheannasaí na Seirbhísí Corparáideacha (atá freagrach as an Iniúchadh Inmheánach).

**Aonad an Iniúchta Inmheánaigh**

Tá sé de chead ag aonad an iniúchta inmheánaigh athbhreithniú a dhéanamh ar gach córas bainistíochta agus rialaithe, idir chórais airgeadais agus chórais oibríochta. Tá rochtain gan srian ag aonad an iniúchta inmheánaigh ar gach réimse feidhme, ar thaifid (idir thaifid láimhe agus thaifid leictreonacha), ar réadmhaoin agus ar phearsanra chun a iniúchtaí a dhéanamh.

**Modheolaíocht Iniúchta**

Cuirfidh feidhm an iniúchta inmheánaigh plean oibre iniúchta trí bliana le chéile do gach réimse faoina cúram. Tabharfaidh an Coiste Iniúchta faomhadh don phlean agus cuirfidh an Coiste an plean i bhfeidhm.

Le linn gach iniúchta, déanfaidh feidhm an Iniúchta Inmheánaigh/an tIniúchóir Inmheánach ar conradh na nithe seo a leanas:

- oibriú go dearfach leis an lucht bainistíochta agus le baill foirne
- fógra cuí a thabhairt do Cheannasaithe Rannóige sula gcuirtear tús le hiniúchadh
- an córas ar a bhfuil sé beartaithe iniúchadh a dhéanamh a aithint agus a dheimhniú leis an mbainistíocht líne
- dul chun cinn a phlé leis an mbainisteoir líne cuí agus teagmháil a dhéanmh le Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha le linn an phróisis iniúchta
- dréacht-tuairisc a chur ar aghaidh chuig an mbainisteoir líne cuí chun a cruinneas a dheimhniú agus chun na tátail agus na moltaí maidir le feabhsuithe a chomhaontú, nuair is féidir
- amscála a chomhaontú maidir le freagra an lucht bainistíochta
- an tuairisc, lena n-áirítear freagra an lucht bainistíochta a chur ar aghaidh chuig an mbainisteoir líne cuí, chuig an Ceannasaí Rannóige cuí agus chuig Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha
- a tuairisc a chur ar aghaidh chuig an Oifigeach Cuntasaíochta
- an tuairisc dheiridh a chur faoi bhráid an Choiste Iniúchta
- an tuairisc dheiridh a chur ar aghaidh chuig an mBord Bainistíochta

Seolfar na tuairiscí deiridh ar aghaidh chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chomh maith, de réir mar a iarrtar.

Cuirfear ath-thuairiscí le chéile laistigh d'amscála a shocróidh an Coiste Iniúchta. Cuirfear ath-athbhreithnithe ar aghaidh chuig an gCoiste Iniúchta chun é a chur an an eolas faoi aon chás nár cuireadh moltaí an iniúchta i bhfeidhm de réir mar a aontaíodh ann.

Má theipeann ar fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh agus an lucht bainistíochta teacht ar chomhaontú maidir le ceisteanna/moltaí atá tábhachtach dar le feidhm an Iniúchta Inmheánaigh, léireoidh an tuairisc iniúchta deiridh dearcadh an dá thaobh. Díreofar aird an Choiste Iniúchta ar na ceisteanna/moltaí seo, ionas gur féidir bearta cuí a chur i bhfeidhm.

## Cairt agus Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchta

### CUSPÓIR

Is cuid den réimse rialaithe é an Coiste Iniúchta, agus tá sé mar aidhm aige comhairle neamhspleách a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hoiriúnacht agus téagar chórais agus nósanna imeachta rialaithe na heagraíochta.

### ÚDARÁS

- Ceaptar an Coiste Iniúchta chun comhairle neamhspleách a thabhairt don Oifigeach Cunstasaíochta agus tá sé freagrach don Oifigeach maidir lena fheidhmeanna a chomhlíonadh i dtaca leis seo.

- Beidh an t-údarás ag an gCoiste Iniúchta scrúdú a dhéanamh ar aon cheist laistigh dá théarmaí tagartha; beidh na hacmhainní, agus an chomhairle ghairmiúil sheachtrach, atá ag teastáil uaidh chun é seo a dhéanamh aige agus rochtain iomlán ar eolas.

### BALLRAÍOCHT

- Ceapfaidh an tOifigeach Cuntasaíochta baill agus an Cathaoirleach, ach amháin má tá aon fhoráil dlí i gceist.

- Tiocfaidh Cathaoirleach an Choiste ó eagraíocht sheachtrach, agus tá cead rochtana acu ar an Oifigeach Cuntasaíochta.

- Ní bheidh aon bhall den Choiste ag obair san eagraíocht.

- Beidh ball amháin den Choiste, ar a laghad, ina (h)ainmní de chuid Bhord na SCP.

- Beidh réimse scileanna cuí ag an gCoiste chun a fheidhm a chomhlíonadh ar an gcaighdeán riachtanach.  Beidh taithí airgeadais ag ball amháin, ar a laghad, agus beidh taithí ag na baill eile atá oiriúnach don Choiste Iniúchta, lena n-

áirítear: bainistíocht riosca; iniúchadh inmheánach; rialachas; tuiscint ar réimse na hearnála poiblí, go háirithe ar struchtúir freagrachta agus tionscnaimh reatha athchóirithe seirbhíse poiblí.

- Ní mór go mbeadh tuiscint ag baill ar, nó ní mór go mbeadh siad in ann tuiscint a fháil go sciobtha ar na nithe seo a leanas:

    - Cultúr, spriocanna agus dúshláin eagraíochta
    - Struchtúr eagraíochta, lena n-áirítear príomhchaidrimh
    - Reachtaíocht chuí nó rialacha eile a rialaíonn an eagraíocht.

- Cuirfear riachtanais an róil in iúl go soiléir do bhaill ionchasacha ag an tús, lena n-áirítear gealltanais ama agus eolas maidir le minicíocht na gcruinnithe.

- Is féidir le baill tréimhse trí bliana a chaitheamh sa ról, agus beidh an rogha ann síneadh trí bliana a chur leis seo (an dara téarma).

- Ullmhófar ráiteas maidir le leasanna na mball ar bhonn bliantúil (tá teimpléad ar fáil in Aguisín 6).

- Má thagann coimhlint leasa chun cinn le linn obair an Choiste Iniúchta, cuirfidh an ball an Cathaoirleach ar an eolas faoi seo agus, má gá, fágfaidh siad seomra agus fanfaidh siad lasmuigh den seomra fad is atá plé ar siúl agus ní bheidh baint acu le haon chinntí a bhaineann leis an bplé. Cuirfear nóta faoi seo ar fáil i miontuairiscí an chruinnithe. Tá áit ar chlár gach cruinnithe den Choiste do phlé ar choimhlintí leasa.

**IONDUCHTÚ AGUS OILIÚINT LEANÚNACH**

Comhlíonfaidh gach ball nua Próiseas Ionduchtaithe. Beidh seisiúin eolais faoi phríomhréimsí i gceist, lena n-áirítear:

- Spriocanna, cultúr agus dúshláin eagraíochta
- Struchtúr eagraíochta, lena n-áirítear príomhchaidrimh
- Reachtaíocht agus socruithe rialachais cuí
- An Creat Bainistíochta Riosca

- Tuairisciú madir le Feidhmíocht

Tabharfar Pacáiste Ionduchtaithe do gach ball nua, ina mbeidh an príomhábhar rialachais, lena n-áirítear Creat Rialachais na SCP, reachtaíocht a bhaineann leis an tSCP, na Socruithe Iniúchta agus Dearbhaithe, an Straitéis Chorparáideach, an Plean Gnímh i dtaca le Custaiméirí, agus an Clár Riosca Corparáideach.

Má cheapann an Coiste go bhfuil oiliúint ag teastáil, tabharfaidh an tSCP tacaíocht do bhaill freastal ar oiliúint a bhaineann lena bhfeidheanna mar bhaill den Choiste. Is ball d'Fhóram Rialachais an Fhorais Riaracháin í an tSCP agus, mar chuid de seo, cuirfear deiseanna foghlama agus forbartha leanaúnaí ar fáil do Bhaill den Choiste.

**CRUINNITHE**

- Chun teagmháil rialta leis an eagraíocht a éascú, tiocfaidh an Coiste Iniúchta le chéile gach ráithe, ar a laghad, agus beidh sé de chead aige cruinnithe sa bhreis a chur ar siúl, de réir mar is gá.

- Beidh ar gach ball den Choiste freastal ar gach cruinniú. Ní mór do gach ball freastal ar 75%, ar a laghad, de chruinnithe an Choiste Iniúchta. Beidh córam de thriúr ball Coiste i gceist, agus má tá an Cathaoirleach as láthair, roghnófar leas-Chathaoirleach ó na baill agus déanfaidh siad cathaoirleacht ar an gcruinniú.

- Má tá vóta ag teastáil ar aon cheist, glacfar le rún má chaitheann formhór na mball atá i láthair vóta ar a son, agus beidh vóta réitigh ag an gCathaoirleach sa chás go bhfuil líon na vótaí ar son agus líon na vótaí i gcoinne an rúin cothrom le chéile.

- Ba chóir go mbeadh gach ball freagrach, go pearsanta, as aon choimhlintí leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le haon rud ar chlár an chruinnithe a chur in iúl.

- Ba chóir don Choiste Iniúchta cuireadh a thabhairt do bhaill den bhainistíocht, d'iniúchóirí inmheánacha agus do dhaoine eile freastal ar chruinnithe agus eolas a thabhairt, de réir mar is gá.

- Buailfidh Cathaoirleach an Choiste Iniúchta leis an Oifigeach Cuntasaíochta gach bliain.

- Ba chóir don Choiste a chinntiú go ndéanann sé cumarsáid éifeachtach leis an mBord, le Ceannasaí an Iniúchta Inmheánaigh, leis an iniúchóir seachtrach agus le páirtithe leasmhara eile.

- Ba chóir eolas faoi aon iniúchadh inmheánach nó ábhair iniúchta a bhaineann le réimse cúraim an Bhoird a chur in iúl don Bhord a luaithe is a aithnítear iad.

- Cuirfear an clár agus páipéir tacaíochta ar aghaidh chuig gach ball seachtain roimh an gcruinniú, ar a laghad.

- Tabharfaidh an Cathaoirleach faomhadh do chlár an Choiste Iniúchta agus beidh cead ag gach Ball den Choiste ceisteanna a chur ar aghaidh don Chlár.

- Ullmhófar dréacht-tuairiscí agus, nuair a thugann an Coiste Iniúchta faomhadh dóibh, seolfar ar aghaidh chuig an Oifigeach Cuntasaíochta agus chuig an bhFoireann Bhainistíochta agus beidh sé mar aidhm iad a sheoladh ar aghaidh laistigh de deich lá oibre ó dháta an chruinnithe.

- Freastalóidh Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha (atá freagrach as Iniúchadh Inmheánach, Bainistíocht Riosca agus Airgeadas) ar chruinnithe de ghnáth. Ina theannta sin, tá cead ag daoine a fhaigheann cuireadh ón gCathaoirleach ó am go ham freastal ar chruinnithe.

- Freastalóidh an tIniúchóir Inmheánach ar na codanna cuí de chruinnithe chun aon tuairisc iniúchta atá ullmhaithe acu a chur i láthair.

- Coinneofar taifid chuí d’obair an Choiste Iniúchta.

- Cuirfidh an Coiste miontuairiscí chruinnithe an Choiste Iniúchta ar fáil do Bhord na SCP.

- Tabharfaidh aonad an Iniúchta Inmheánaigh tacaíocht riaracháin don Choiste Iniúchta.

**ROCHTAIN**

- Beidh sé cead rochtana ag Cathaoirleach an Choiste Iniúchta ar an bPOF maidir le ceisteanna a bhaineann le feidhm an iniúchta inmheánaigh, de réir mar is gá, dar leis an gCoiste, lena n-áirítear éifeachtacht ghinearálta, acmhainní, oiliúint, úsáid teicneolaíochta srl.

- Beidh cead rochtana ag an gCoiste Iniúchta ar an eolas nó cháipéisí a bhaineann, dar leis an gCoiste, le ceisteanna a thagann faoina théarmaí tagartha.

**FEIDHMEANNA**

Coimhlíonfaidh an Coiste Iniúchta na feidhmeanna seo a leanas:

**Rialáil Inmheánach**

- Comhairle a thabhairt maidir le córais rialaithe inmheánacha na heagraíochta, lena n-áirítear slándáil agus rialú teicneolaíochta.

- Tuairiscí ar iniúchtaí inmheánacha agus moltaí, mar aon le freagraí ón lucht bainistíochta, a fháil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.

- Monatóireacht a dhéanamh ar an gcaoi a gcuireann an lucht bainistíochta moltaí iniúchta ó iniúchtaí inmheánacha, iniúchtaí seachtracha agus fhoinsí eile i bhfeidhm.

**Rialachas agus Bainistíocht Riosca**

- Comhairle a thabhairt maidir leis na córais rialaithe is bonn leis an gcreat agus na próisis bhainistíochta riosca, lena n-áirítear:

- aiseolas a fháil ó Cheannasaí na Seirbhísí Corparáideacha (atá freagrach as Iniúchadh Inmheánach agus Airgeadas) agus ó lucht bainistíochta na heagraíochta maidir le héifeachtach an phróisis bhainistíochta riosca; agus
- aiseolas dá leithéid a chur san áireamh maidir le tosaíochtaí chlár oibre Aonad an Iniúchta Inmheánaigh, lena n-áirítear an gá atá ann le hiniúchtaí vfm a aithint.

**Iniúchadh Inmheánach**

- Athbhreithniú a dhéanamh ar mheasúnuithe ar fheidhm an iniúchta inmheánaigh, lena n-áirítear comhlíonadh le Caighdeáin Iniúchta Inmheánaigh; déanfar measúnú ar chomhlíonadh le Caighdeáin 1300 IIA (cuirfear an tOifigeach Cuntasaíochta agus an Coiste Iniúchta ar an eolas faoi na torthaí) gach 3-5 bliana.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chairt, phleananna iniúchta, ghníomhaíochtaí, fhoireann, agus stádas eagraíochta Aonad an Iniúchta Inmheánaigh le Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha (atá freagrach as Iniúchadh Inmheánach agus Airgeadas).

- Tuairiscí maidir le dul chun cinn a fháil i dtaca le pleananna iniúchta a thabhairt amach.

- Aon cheist maidir le neamhspleáchas aonad an Iniúchta Inmheánaigh a ardú leis Oifigeach Cuntasaíochta.

- Ar bhonn rialta, bualadh le Ceannasaí na Seirbhísí Corporáideacha (atá freagrch as Iniúchadh Inmheánach agus Airgeadas) chun ceisteanna ar chóir iad a phlé go príobháideach, dar leis an gCoiste Iniúchta nó le hAonad an Iniúchta Inmheánaigh, a phlé.

**Iniúchadh Seachtrach**

- Gach bliain, ar a laghad, bualadh le hainmní de chuid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chaidreamh oibre an Iniúchta Inmheánaigh agus teagmháil a dhéanamh le hainmní an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun comhoibriú a chinntiú, chun dúbláil agus bearnaí iochasacha maidir le hiniúchtaí a sheachaint.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an litir bhainistíochta iniúchta sheachtrach agus freagra na heagraíochta.

**Bainistíocht Airgeadais**

- Comhairle a thabhairt maidir leis na córais rialaithe is bonn leis na próisis bhainistíochta airgeadais, lena n-áirítear:
    - athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta sheachtraigh; agus
    - Athbhreithniú a dhéanamh ar an nósanna imeachta agus na cleachtais a bhaineann le bainistíocht airgeadais agus buiséadú.

**Feidhmeanna Tuairiscithe**

- Tuairisciú don Oifigeach Cuntasaíochta go rialta maidir le gníomhaíochtaí agus ceisteanna an Choiste Iniúchta agus maidir le moltaí trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:
    - miontuairiscí comhaontaithe chruinnithe an Choiste Iniúchta a chur ar aghaidh chuig an Oifigeach Cuntasaíochta agus chuig an mBord Bainistíochta mar chuid den ghnáthchleachtas;
    - tuarascáil bhliantúil a chur ar aghaidh chuig an Oifigeach Cuntasaíochta, laistigh de thrí mhí i ndiaidh dheireadh na bliana, ar ghníomhaíochtaí an Choiste Iniúchta;
    - tuairiscí scríofa nó béil ó Chathaoirleach an Choiste Iniúchta a chur ar fáil, lena n-áirítear freastal ar dhá chruinniú, ar a laghad, den Bhord, sa bhliain, aghaidh ar aghaidh); agus
    - leas a bhaint as an gcead rochtana atá ag an gCathaoirleach ar an Oifigeach Cuntasaíochta.

- Líne chumasáide oscailte a chur ar fáil idir an t-iniúchadh inmheánach, Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus an tOifigeach Cuntasaíochta.

**Feidhmeanna Eile**

- Dea-chleachtais chuntasaíochta a chur chun cinn, chun cinntí atá bunaithe ar eolas a chinntiú agus chun béim níos fearr a leagan ar luach ar airgead tríd an eagraíocht.
- Dualgais eile a bhaineann leis an gcairt a chomhlíonadh, de réir mar a iarrann an tOifigeach Cuntasaíochta.
- Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar shásúlacht na cairte scríofa ar bhonn bliantúil agus iarraidh ar an Oifigeach Cuntasaíochta cead a thabhairt maidir le hathruithe molta.
- Freagra a thabhairt ar aon iarratais ar thuairisciú speisialta, ar cheisteanna a bhaineann leis an gCoiste, a dhéanann an Príomhoifigeach Feidhmiúchán.
- Is féidir leis an gCoiste Iniúchta, tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an bPOF, comhairle dlí nó eile sheachtrach a fháil agus iarraidh ar dhaoine ón taobh amuigh a bhfuil saineolas agus taithí chuí acu freastal ar chruinnithe an Choiste, má cheaptar go bhfuil sé seo riachtanach.
- A dheimhniú gach bliain gur comhlíonadh gach feidhm a leagtar amach sa chairt scríofa.
- Déanann an Coiste Iniúchta measúnú ar a fheidhmíocht féin go rialta.

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL**

Ba chóir tuarascáil bhliantúil, ina ndéantar athbhreithniú ar oibríochtaí an Choiste Iniúchta, a ullmhú don Oifigeach Cuntasaíochta agus a chur isteach laistigh de thrí mhí i ndiaidh dheireadh na bliana. Beidh measúnú ar obair Aonad an Iniúchta

Inmheánaigh agus ar na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil don Choiste Iniúchta agus féinmheasúnú ar éifeachtacht an Choiste Iniúchta san áireamh sa tuarascáil seo.

Ina theannta sin, beidh dearbhú sa tuarascáil bhliantúil go ndearnadh athbhreithniú ar an gcairt scríofa seo gach bliain agus gur comhlíonadh gach feidhm a leagtar amach sa chairt scríofa. Déanfaidh an Coiste Iniúchta aon mholtaí ón Oifigeach Cuntasaíochta, a thagann chun cinn sa tuarascáil seo, nó le linn teagmhála, a fhiosrú.

**NOCHTAÍ COSANTA**

Aontaítear ról an Choiste Iniúchta maidir le nochtaí cosanta leis an Oifigeach Cuntasaíochta, de réir bheartas na heagraíochta agus de réir treoirlínte cuí.

## An Clár um Dhearbhú agud Fheabhsú Cáilíochta

**Réamhrá**

Dearadh an Clár Feabhsaithe Dearbhaithe Cáilíochta um Iniúchadh Inmheánach (QAIP) chun dearbhú réasúnta a thabhairt do pháirtithe leasmhara éagsúla (an Coiste Iniúchta, Bainistíocht Shinsearach, Bord na SCP, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, srl.) go bhfuil na nithe seo a leanas déanta ag an Iniúchadh Inmheánach:

- Go gcloíonn an tIniúchadh Inmheánach le sainmhínú na hiniúchóireachta inmheánaí, le caighdeáin 1300 IIA agus le haon treoir bheartais lárnach;
- Go bhfuil cairt iniúchta inmheánaigh, spriocanna, cuspóirí, polasaithe agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm;
- Go gcuireann sé le próisis rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe na heagraíochta;
- Go gclúdaíonn sé an réimse iniúchta;
- Go gcloíonn sé le dlíthe, rialacháin agus caighdeáin eile chuí a rialaíonn gníomhaíochtaí iniúchta inmheánaigh;
- Gur aithníodh na rioscaí a mbíonn tionchar acu ar oibriú na gníomhaíochta iniúchta inmheánaí féin;
- Go bhfuil gníomhaíocht feabhsaithe leanúnaí i bhfeidhm agus go gcloítear le dea-chleachtas; agus

• Go gcuireann sé le hoibríochtaí na heagraíochta agus le spriocanna na heagraíochta a bhaint amach.

Tá Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideach freagrach go hiomlán as an QAIP, a chlúdaíonn gach cineál gníomhaíochta Iniúchta Inmheánaigh, lena n-áirítear iniúchtaí inmheánacha a dhéantar ar conradh. Tá measúinithe inmheánacha agus seachtracha araon i gceist sa QAIP. Déantar measúnuithe inmheánacha ar bhonn leanúnach agus ar bhonn tréimhsiúil agus déanfar measúnuithe seachtracha uair amháin gach 3-5 bliana, ar a laghad.

Déantar athbhreithniú ar an QAIP gach bliain.

**Measúnaithe Inmheánacha**

Maidir le Measúnuithe Inmheánacha, tá athbhreithniú leanúnach agus athbhreithniú tréimshiúil i gceist.

***Athbhreithniú Leanúnach***

Dearbhaíonn athbhreithniú leanúnach go bhfuil próisis i bhfeidhm agus go bhfuil siad ag obair i gceart chun a chinntiú go ndéantar gach iniúchadh ar ardchaighdeán. Mar chuid de seo, déantar monatóireacht leanúnach ar na nithe seo a leanas:

- Pleanáil do agus maoirseacht ar theagmháil (scóip an iniúchta a shocrú roimh ré, dea-chleachtais nuálacha, uaireanta buiséadaithe, agus baill foirne shannta le príomhtháscairí feidhmíochta do gach iniúchadh);
- Gnáthchleachtais oibre (lena n-áirítear nósanna imeachta maidir le páipéir oibre, síniú, athbhreithniú ar thuairiscí, seicliostaí chun a chinntiú gur leanadh an próiseas iniúchta);
- Aiseolas ó pháirtithe leasmhara maidir le cáilíochta ag leibhéal iniúchta; agus
- Anailís a dhéanamh ar mheadaracht feidhmíochta chun críochnú pleananna iniúchta agus luach do pháirtithe leasmhara a thomhas.

***Athbhreithniú Tréimhsiúil***

Deartar próisis athbhreithnithe tréimhsiúla chun comhlíonadh le Cairt an Iniúchta Inmheánaigh, le Caighdeáin an IIA a mheas agus chun caighdeán na hoibre iniúchta agus na bpolasaithe agus na nósanna imeachta a thacaíonn leis an ngníomhaíocht

iniúchta inmheánaigh, an chaoi a gcuirtear leis an eagraíocht agus na caighdeáin feidhmíochta a bhaintear amach a mheas.

Déanfar próisis athbhreithnithe tréimhsiúla trí athbhreithniú bliantúil ar na nithe seo a leanas:

- Athbhreithniú ar pháipéir oibre i dtaca le comhlíonadh le Caighdeáin IIA agus le polasaithe agus nósanna imeachta iniúchta inmheánaigh;
- Bearta feidhmíochta iniúchta inmheánaigh, lena n-áirítear Plean Iniúchta Straitéiseach a chur i bhfeidhm;
- Cáilíocht a mheas ag leibhéal na gníomhaíochta iniúchta inmheánaigh;
- Moltaí a dhéantar le linn na bliana a chur i bhfeidhm (bunaithe ar mheasúnú ar chur i bhfeidhm gach molta);
- Athbhreithniú bliantúil ar gach Cairt, Polasaí agus Nós Imeachta cuí.

Ba chóir don fhéinmheasúnú tréimhsiúil seo cáilíocht na feidhmíochta leanúnaú agus deiseanna feabhsaithe a aithint. Déanfar an féinmheasúnú gach bliain i gcomhar le forbairt na Tuarascála Bliantúla don Choiste Iniúchta.

**Measúnú Inmheánach**

Beidh scóip leathan i gceist sa Mheasúnú Inmheánach, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Comhlíonadh le Caighdeáin IIA, le sainmhíniú na hIniúchóireachta Inmheánaí, agus le Cairt, pleananna, polasaithe, nósanna imeachta, cleachtais an Iniúchta Inmheánaigh, agus aon riachtanais dlí agus rialála chuí eile
- Na nithe a bhfuiltear ag súil leo i réimse an Iniúchta Inmheánaigh mar a léiríonn an Bord agus an Bhainistíocht Shinsearach;
- Gníomhaíocht Iniúchta Inmheánaigh a chomhtháthú leis an bpróiseas rialachais;
- Eolas, taithí, agus disciplíní na mball foirne, lena n-áirítear uirlisí agus teicnící a úsáid agus feabhsú próiseas;
- Cinneadh maidir leis an gceist seo a leanas: an gcuireann an tIniúchadh Inmheánach le agus an gcuireann sé feabhas ar oibríochtaí na SCP.

Déanfaidh measúnóir cáilithe, neamhspleách nach n-oibríonn sa tSCP measúnú seachtrach gach 3-5 bliana. Déanfar an measúnú mar mheasúnú seachtrach iomlán. Déanfar leagan amach an mheasúnuithe sheachtraigh a chomhaontú leis an gCoiste Iniúchta, le Ceannasaí na Seirbhísí Corparáideacha agus leis an bPOF.

**Feasacht a Fhorbairt**

Déanfar tuiscint faoi réimse an chomhlíonta chorparáidigh (lena n-áirítear iniúchadh inmheánach, bainistíocht riosca agus comhlíonadh leis an gCCSP) a fhorbairt gach bliain.

## Straitéis agus Beartas maidir le Bainistíocht Riosca

**Réamhrá**

Chun breathnú chun cinn agus dul i ngleic le héilimh ó pháirtithe leasmhara, ní mór don tSCP a bheith solúbtha i gcónaí agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn sí. Nuair a chuirtear athruithe i bhfeidhm, bíonn rioscaí i gceist i gcónaí. Má thuigimid ár rioscaí uilig, beidh an tSCP in ann cinntí atá bunaithe ar eolas agus cinntí níos fearr agus, ar deireadh, luach níos fearr a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara.

Léiríonn an Straitéis agus an Creat Bainistíochta Riosca seo cur chuige na SCP i leith na bainistíochta riosca. Thug an POF faomhadh don cháipéis seo. Is iad seo a leanas cuspóir na cáipéise seo:

- Achoimre a dhéanamh ar an gcur chuige i leith na bainistíochta riosca sa tSCP.
- Na freagrachtaí maidir le bainistíocht riosca sa tSCP do na réimsí seo a leanas a leagan amach:
  - An Bord
  - An Bord Bainistíochta
  - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
  - Ceannasaithe Feidhme
  - Feidhmeanna
  - An Grúpa Bainistíochta Riosca
  - An Coiste Iniúchta

- An tOifigeach Riosca
- Úinéir Riosca agus Gnímh
- Foireann
- Iniúchadh Inmheánach

Dearadh an cháipéis seo chun cabhrú leis an eagraíocht na príomhrioscaí a chuirfidh bac ar an tSCP agus í ag iarraidh a spriocanna, de réir mar a leagtar amach sa phlean gnímh, a bhaint amach a aithint, a laghdú agus a thuairisciú.

Beidh an Grúpa Bainistíochta Riosca agus an Bord Bainistíochta freagrach as rioscaí a aithint, a laghdú agus a thuairisciú ar dtús.

**Spriocanna**

Is éard atá i gceist leis an mBainistíocht Riosca ná an próiseas trína ndéantar rioscaí a aithint, a mheas, a bhainistiú agus a rialú.

Is é cuspóir aon Pholasaí Bainistíochta Riosca creat a chur ar fáil don bhainistíocht maidir le straitéisí a aithint, a mheas, a rátáil agus a fhorbairt chun dul i ngleic le rioscaí chun dearbhú réasúnta a thabhairt go mbainfear spriocanna straitéseacha na SCP amach.

Maidir le spriocanna Bainistíochta Riosca na SCP, tá na spriocanna seo a leanas san áireamh:

- Feachtas chun aird a tharraingt ar an ngá atá ann le bainistíocht riosca;
- Bainistíocht riosca a chomhtháthú le cultúr na heagraíochta;
- Rioscaí a bhainistiú, de réir dea-chleachtais;
- A chinntiú go n-aithnítear agus go ndéanfar measúnú ar gach riosca tábhachtach;
- A chinntiú go bhfuil córas rialaithe inmheánach cuí i bhfeidhm chun gach riosca a bhainistiú; agus
- A chinntiú go dtuigeann an Fhoireann Ardbhainistíocht agus baill foirne rioscaí agus a bhfreagrachtaí.

Leagtar amach achoimre ar shainmhínithe in Aguisín 1.

**Cúlra**

Tá sé i gceist go gcloífidh an tSCP le dualgais rialachais agus chuntasachta de réir dea-chleachtais de réir mar is cuí.

Bhain an tSCP úsáid as measúnú riosca corpraithe mar chuid den phróiseas cinnteoireachta straitéiseach agus oibríochta i gcónaí. Tá timpeallacht rialaithe láidir i gceist, ar chuir rialú a cuireadh i bhfeidhm, de réir mar is gá, léi.

Ba chóir rioscaí a bhaineann le spriocanna straitéiseacha na heagraíochta a bhainistiú go gníomhach chun an go mbainfear na spriocanna amach chomh maith agus is féidir.

Coinneofar Grúpa Bainistíochta Riosca, mar fho-ghrúp den Bhord Bainistíochta agus beidh ionadaithe ó fheidhmeanna éagsula san eagraíocht ina mbaill de, chun tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm leanúnach an chreat bainistíochta riosca.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar éifeachtacht an chreata agus na príomhrioscaí a aithnítear don eagraíocht ar bhonn ráithe.

**Bainistíocht Riosca agus Ráiteas Misin**

Is Polasaí Bainistíochta Riosca na SCP glacadh le dea-chleachtas maidir le rioscaí a aithint, a mheas agus a rialú chun a chinntiú go deireadh a chur leo nó chun iad a laghdú go leibhéal a nglacann an Bord Bainistíochta leis i dtaca lena spriocanna a bhaint amach.

**Próifíl Riosca**

Sainmhínítear ‘riosca’ mar aon rud a chuireann bac le heagraíocht agus í ag iarraidh a spriocanna a bhaint amach.

Baineann an tSCP leas as roinnt próiseas pleanála, tuairiscithe agus bainistíochta riosca chun a chinntiú go gcloíonn sé leis an gcaighdeán is fearr atá i gceist. Tá sé

fíorthábhachtach go n-aithnítear gach eachtra riosca agus go ndéantar iad a rialú/go nglactar leo agus go ndéanfar gach eachtra riosca a thuairisciú agus go ndéantar iad a fhiosrú ina n-iomláine.


**Daoine lena mbaineann an Polasaí**

Sa cháipéis seo, leagtar amach na daoine lena mbaineann an polasaí seo.

**Scóip an Pholasaí**

Is í scóip an pholasaí seo creat a bhunú chun eachtraí a d'fhéadfadh rioscaí a chruthú don tSCP a aithint, chun na rioscaí seo a rialú agus a bhainistiú de réir an fhoinn atá ar an mBord Bainistíochta glacadh le rioscaí, agus chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le spriocanna na heagraíochta a bhaint amach.

Is féidir cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas mar seo a leanas:




Is réimse í an bhainistíocht riosca a bhaineann le gach réimse de ghníomhaíochtaí na SCP. Léiríonn sé seo go mbaineann rioscaí le gach gníomhaíocht agus le gach feidhm. Chun  a chinntiú go n-aithnítear agus go dtuairiscítear rioscaí ar bhealach seasmhach, aithnítear na catagóirí riosca seo a leanas:

- Rioscaí Straitéiseacha
- Rioscaí a bhaineann le Dea-cháil
- Dualgais Airgeadais
- Rioscaí Oibríochta

Leagann an polasaí seo na nithe seo a leanas amach;

- Róil agus Freagrachtaí
- Próiseas Aitheanta agus Measúnaithe Riosca
- Próiseas Monatóireachta agus Tuairiscithe Riosca.

**Róil agus Freagrachtaí**

Déantar achoimre ar na róil agus na freagrachtaí éagsúla thíos:

| Réimse | *Freagrachtaí:* |
|---|---|
| **An Bord** | • Tugann an Bord faomhadh foirmiúil don Pholasaí Bainistíochta Riosca.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar aon nuashonrú ar cháipéisí bainistíochta riosca na SCP, de réir mar is gá.<br>• Athbhreithniú ar an gclár riosca corparáideach ar bhonn ráithe.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean bainistíochta riosca bliantúil ar bhonn bliantúil. |

| Réimse | *Freagrachtaí:* |
|---|---|
| **An Bord Bainistíochta** | • Freagracht ghinearálta as córas na bainistíochta riosca agus an rialaithe inmheánaigh sa tSCP<br>• Freagracht as athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat bainistíochta riosca ar bhonn rialta, lena n-áirítear i) dul chun cinn i gcomparáid leis an bplean agus ii) éifeachtacht an chreat bainistíochta riosca san eagraíocht.<br>• Freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár riosca corparáideach gach ráithe, lena n-áirítear sil dtugann an Bord faomhadh dó.<br>• Freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar an bPolasaí Bainistíochta Riosca, sula dtugann an Bord faomhadh dó.<br>• Tacaíocht a thabhairt don Ghrúpa Bainistíochta Riosca agus páirt ghníomhach a ghlacadh i bpróiseas athbhreithnithe riosca agus imscrúduithe.<br>• Freagrach as rioscaí a aithint, a laghdú agus a thuairisciú.<br>• Freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí a aithnítear ag an leibhéal feidhme.<br>• A bheith sásta go bhfuil na córais chuí  bhfeidhm chun rioscaí a aithnítear a laghdú.<br>• Forbairt leanúnach an phróisis bhainistíochta riosca a chur chun cinn. |
| **Príomhfheidhmeannach** | • Freagrach as a chinntiú go bhfuil córas bainistíochta riosca cuí i bhfeidhm.<br>• Freagrach as a chinntiú gur cuid de na próisis bhainistíochta í an bhainistíochta riosca.<br>• Freagrach as a chinntiú go bhfuiltear ag dul i ngleic le príomhrioscaí straitéiseach agus go bhfuiltear á mbainistiú ar bhealach cuí.<br>• Freagrach as a chinntiú do dtuigeann gach ball foirne na nósanna imeachta maidir le rioscaí a bhainistiú agus go gcuirtear i bhfeidhm iad mar chuid den phróiseas pleanála gnó.<br>• A chinntiú go bhfaigheann baill foirne oiliúint, de réir mar is gá, i bpríomhréimsí riosca.<br>• Freagrach as faomhadh a thabhairt don pholasaí bainistíochta riosca. |

| Réimse | *Freagrachtaí:* |
|---|---|
| **An Grúpa Bainistíochta Riosca** | • Athbhreithniú a dhéanamh ar chreat bainistíochta riosca na SCP agus moltaí a mholadh de réir mar is gá.<br>• Plean gnímh bliantúil a ullmhú maidir le bainistíochta riosca agus a chur i láthair don Bhord Bainistíochta.<br>• Tuairisciú don Bhord Bainistíochta i ndiaidh gach cruinnithe den Ghrúpa Bainistíochta Riosca maidir le i) dul chun cinn i gcomparáid leis an bplean agus ii) éifeachtacht an chreat bainistíochta riosca san eagraíocht.<br>• Tacaíocht a thabhairt do lucht bainistíochta gch feidhme a chaithfidh bainistíocht riosca a chur i bhfeidhm san eagraíocht. Ba chóir go mbeadh na nithe seo i gceist:<br>– Aithint rioscaí a éascú / ceardlanna measúnaithe a éascú<br>– Ábhar oiliúna bunaithe ar aird a tharraingt ar rioscaí a fhorbairt.<br>– Cultúr ina bhfuil an fhreagracht chun cinn a fhorbairt<br>– Athbhreitniú a dhéanamh ar agus aiseolas a thabhairt faoi phróisis agus thorthaí gach rannóige<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar an gcreat bainistíochta riosca (idir chreat Corparáideach agus chreat Feidhme).<br>• Tuairisciú don Bhord Bainistíochta i ndiaidh gach cruinnithe ar ábhar a aithnítear ar chóir aird na foirne ardbhainistíochta a tharraingt orthu maidir le gníomhaíocht an ghrúpa, ar aon eachtraí riosca a tharlaíonn ón tuairisc dheiridh agus aon dearbhú ar féidir a thabhairt maidir le héifeachtacht an chreat bainistíochta riosca.<br>• Teagmháil a dhéanamh le agus tuairisciú don Choiste Iniúchta, de réir mar a iarrann an Coiste Iniúchta nó an fhoireann ardbhainistíochta ó am go ham.<br>• Tacaíocht a thabhairt don Bhord Bainistíochta trí pholasaithe riosca a mholadh, trí mhaoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí mionsonraithe an chreat riosca, trí mhonatóireacht a dhéanamh ar agus thuairisciú ar éifeachtacht an chreat bainistíochta riosca agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár riosca corparáideach. |
| **An Coiste Iniúchta** | • Athbhreithniú ar an bPolasaí Bainistíochta Riosca<br>• An bhainstíocht riosca a choinneál mar mhír bhuan ar an gclár.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár riosca corparáideach.<br>• Athbhreithniú a dhéanamh ar údarás, scóip agus acmhainní an Iniúchta Inmheánaigh.<br>• Faomhadh a thabhairt don phlean iniúchta inmheánaigh atá bunaithe ar rioscaí.<br>• Treoir a thabhairt maidir le feidhm an iniúchta inmheánaigh, ag díriú ar phríomhréimsí d'athbhreithniú. |

| Réimse | *Freagrachtaí:* |
|---|---|
| **Feidhm** | • Cleachtadh aitheanta riosca a dhéanamh gach bliain chun teacht le forbairt phlean gnó na feidhme. Déanfar na príomhrioscaí a aithnítear tríd an gcleachtadh a thaifeadadh sa chlár riosca corparáideach. Níltear ag súil leis go mbeadh níos mó ná deich riosca i gceist in aon fheidhm amháin.<br>• Athbhreithniú ar chlár riosca na feidhme dhá uair sa bhliain in gcomhar leis an athbhreithniú ar an bplean gnó.<br>• Tuiscint a bheith acu ar phríomhrioscaí a tharlaíonn ina réimse cúraim, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na rioscaí seo ar réimsí eile san oifig agus an tionchar a d'fhéadfadh rioscaí in aonaid eile a bheith acu orthu.<br>• Tuairisciú go córasach agus go pras don Bhord Bainistíochta maidir le bainistíocht riosca, go háirithe maidir le rioscaí nua a aithnítear nó rialú ar theip air. |
| **Ceannasaí Feidhme** | • Athbhreithniú idirlinne a dhéanamh ar an liosta de rioscaí a aithnítear ag leibhéal feidhme chun gur féidir na rioscaí seo a bhainistiú.<br>• Na córais rialaithe atá i bhfeidhm chun rioscaí a laghdú a thaifeadadh. |
| **Oifigeach Riosca (Cathaoirleach an Ghrúpa Bainistíochta Riosca)** | • Tuairisciú go díreach don Bhord Bainistíochta i ndiaidh gach cruinnithe den Ghrúpa Bainistíochta Riosca.<br>• Tacaíocht a thabhairt don Choiste Iniúchta, don Fhoireann Ardbhainistíochta agus do bhaill foirne maidir lena ndualgais a chomhlíonadh trí chreat cuimsitheach a chur ar fáil chun rioscaí sa tSCP a aithint, a fhorbairt, a bhainistiú, a thuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.<br>• Freagrach as Polasaithe na SCP maidir le Bainistíocht Riosca a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.<br>• Treoir leanúnach a thabhairt don Úinéir Riosca agus Gnímh maidir le rioscaí a aithint agus a bhainistiú, lena n-áirítear a chinntiú go ndéantar measúnú ar na rioscaí cuí agus go ndéantar rioscaí a mharcáil ar bhealach seasmhach.<br>• A chinntiú go gcuirtear oiliúint chuí i réimse na bainistíochta riosca ar fáil don lucht bainistíochta agus do bhaill foirne. |

| Réimse | *Freagrachtaí:* |
|---|---|
| **Úinéir Riosca agus Gnímh** | • A bheith freagrach as agus bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí a thugtar sa chlár riosca corparáideach (nó feidhme) (agus i bpleananna gnó) ar bhonn laethúil.<br>• Cloí le rialú de réir mar a leagtar amach sa chlár riosca corparáideach (nó feidhme) (agus sa phlean gnó) agus aon bhearnaí/laigí rialaithe a thuairisciú.<br>• Eachtraí riosca a aithint agus a thuairisciú.<br>• A chinntiú go n-aithnítear agus do dtuairiscítear ar bhealach pras agus éifeachtach.<br>• Páirt a ghlacadh i rioscaí agus rialú a aithint, a thomhas, a chur in ord tosaíochta agus a bhainistiú.<br>• A bheith freagrach as córais rialaithe a bhainistiú agus as bearta a aithnítear a chur i bhfeidhm.<br>• Aon riosca nua nó aon bheart rialaithe ar theip air a thuairisciú go córasach agus go pras don Oifigeach Riosca. |
| **Foireann** | • Tuiscint a bheith acu ar na cineálacha rioscaí a bhaineann lena gcuid oibre ó lá go lá.<br>• Cur le rioscaí a aithint agus a bhainistiú de réir mar is gá.<br>• Tuiscint a bheith acu ar an bhfreagracht atá orthu as rioscaí aonair.<br>• A bheith freagrach as gníomhaíochtaí rialaithe a dhéanamh, bearnaí/laigí rialaithe a thuairisciú, mar aon le haon athruithe sa timpeallacht riosca, de réir mar is cuí.<br>• Monatóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta bainistíochta a chruthaítear chun rioscaí a aithnítear a lagdú.<br>• Rioscaí nó údair imní a ardú go gníomhach ina bhfeidhm agus freagra a thabhairt ar an gcaoi a mbíonn na rioscaí atá roimh an tSCP ag síorathrú.<br>• A chinntiú go n-aithnítear gach riosca, agus na córais rialaithe a bhaineann leo, agus go dtuairiscítear iad ar bhealach pras agus éifeachtach. |
| **Iniúchadh Inmheánach** | • Dearbhú a thabhairt don Bhord Bainistíochta agus don Choiste Iniúchta maidir le héifeachtacht an phróisis Bhainistíochta Riosca.<br>• Cabhair a thabhairt midir lena chinntiú go ndéantar bainistíocht chuí ar rioscaí agus go bhfuil an córas rialaithe inmheánach ag obair go héifeachtach. |

**Próiseas Aitheanta agus Measúnaithe Riosca**

## a) Rioscaí a Aithint

Déanfar rioscaí a aithint, a mheas agus a rialú trí na céimeanna seo a leanas:

- Chun rioscaí a aithint, déantar achoimre ar an tionchar a bhíonn ag éiginnteacht ar an tSCP trína soláthar seirbhíse, a dea-cháil, a timpeallacht airgeadais, dlí, AD agus infreastruchtúir, mar aon le spriocanna straitéiseacha agus oibríochta, a chur san áireamh. Mar achoimre, cuirfear rioscaí sna catagóirí seo a leanas:
  - Rioscaí Straitéiseacha: Riosca go dteipfeadhdh ar pholasaithe, nósanna imeachta, chórais nó ghníomhaíochtaí, rud a chuirfeadh srian le dul chun cinn i dtaca le spriocanna na heagraíochta a bhaint amach.
  - Rioscaí a bhaineann le Dea-cháil: Riosca go nglacfadh an eagraíocht páirt i nó do dtuigí go bhfuil an eagraíocht tar éis páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a chuirfeadh a dea-cháil, a branda agus a híomhá phoiblí i mbaol.
  - Rioscaí Airgeadais Riosca nach gcosnódh sócmhainní na heagraíochtaí, go ndéanfadh míthuairisciú airgeadais nó go dteipfeadh ar an eagraíocht luach ar airgead a bhaint amach.
  - Rioscaí Oibríochta: Riosca go dteipfeadhdh ar pholasaithe, nósanna imeachta, chórais nó ghníomhaíochtaí, rud a chuirfeadh srian le dul chun cinn i dtaca le spriocanna na heagraíochta a bhaint amach.

- Déanfar cleachtadh cuimsitheach aitheanta riosca i ngach feidhm gach bliain, a thiocfaidh le forbairt phlean gnó na feidhme. Beidh na nithe seo a leanas san áireamh:

  - Athbhreithniú ar rioscaí leanúnacha maidir le feidhmiú na rannóige;
  - Rioscaí nua a thagann chun cinn ó athruithe a mholtar sa phlean gnó; agus
  - Rioscaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr athruithe sa timpeallacht.

- Ní mór an Ráiteas maidir leis an bhFonn atá ar eagraíocht glacadh le Rioscaí (Aguisín 5) a chur san áireamh nuair atá machnamh á dhéanamh ar rioscaí.

- Déanfar na príomhrioscaí a aithnítear tríd an gcleachtadh seo a thaifeadadh sa chlár riosca corparáideach (nó feidhme) trí úsáid a bhaint asn gcóras eRisk. Níltear ag súil leis go mbeadh níos mó ná deich riosca i gceist in aon fheidhm amháin.

- Deánfaidh ceannasaí na feidhme athbhreithniú idirlinne ar liosta na rioscaí a aithnítear a bhainistiú, má tá athrú ar an gclár straitéiseach nó oibríochta i gcest nó má thagann athrú ar an timpeallacht sheachtrach a d'fhéadfadh rioscaí nua a chruthú. Ba chóir athbhreithniú idirlinne a dhéanamh i gcomhar leis an athbhreithniú ar an bplean gnó a dhéantar i lár na bliana chomh maith.

## b) Rioscaí a Mheas

Ba chóir measúnú a dhéanamh ar rioscaí ag a) thuas chun na nithe seo a leanas a dheimhniú:

(i) An seans go dtarlóidh an riosca.
(ii) Na himpleachtaí a bheadh ag an riosca ar spriocanna straitéiseacha na heagraíochta.

Déanfar torthaí an mheasúnaithe thuas a thaifeadadh ar an gclár riosc corparáideach (nó feidhme) ar an gcóras eRisk.

- Déanfar rioscaí a mheas ar scála 1 – 5 maidir le tionchar (nuair a chuirtear lagduithe reatha san áireamh):

  ➢ **TIONCHAR: Scála 1 - 5**

1. Tionchar gan tábhacht
2. Tábhacht bheag
3. Tionchar Measartha
4. Tionchar Mór
5. Ollmhór

Tá tuilleadh eolais faoin méid thuas ar fáil in Aguisín II.

- Déanfar rioscaí a mheas ar scála 1 – 5 maidir le dóchúlacht (nuair a chuirtear lagduithe reatha san áireamh):

  - **DÓCHÚLACHT Scála 1 - 5**

  1. Annamh
  2. Seans beag go dtarlóidh sé
  3. Seans maith go dtarlóidh sé
  4. Seans maith go dtarlóidh sé
  5. Beagnach cinnte go dtarlóidh sé

  Tá tuilleadh eolais faoin méid thuas ar fáil in Aguisín III.

- Ar bhonn rialta, ag an gcruinniú feidhme, ba chóir measúnú a dhéanamh ar na córais rialaithe bhainistíochta a mbíonn tionchar acu maidir le rioscaí a chosc nó drochthionchar rioscaí a laghdú go leibhéil inghlactha chun na nithe seo a leanas a dheimhniú:

  (i) Cad iad na córais rialaithe atá i bhfeidhm cheana féin chun an riosca a chosc nó chun tionchar an riosca a laghdú má tharlaíonn sé.

  (ii) Sásúlacht na gcóras rialaithe seo maidir rioscaí a bhainistiú go leibhéil inghlactha.

  (iii) Córais rialaithe / bearta sa bhreis atá ag teastáil chun an rátáil riosca a laghdú go leibhéil inghlactha.

  (iv) Úinéir an riosca agus úinéir na mbeart, de réir mar a aontaítear faoi (iii) thuas.

  (v) An spriocdháta do bhearta a aontaítear faoi (iii) thuas.

- Táthar ag súil leis go ndéanfaidh an ceannasaí feidhme na córais rialaithe atá i bhfeidhm chun rioscaí a laghdú a thaifeadadh. Cuirtear cur síos ar na córais rialaithe san áireamh sa chlár riosca corparáideach (nó feidhme).

- Tá gach ceannasaí feidhme, i gcomhar lena b(h)all foirne freagrach as córais rialaithe a chur i bhfeidhm chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar rioscaí a aithnítear agus chun rioscaí a laghdú, go leibhéal a nglacfaidh an Bord

Bainistíochta leis. Agus éifeachtacht na gcóras rialaithe á meas, cuirfear an chothromaíocht chuí idir an costas a bhaineann le bearta a chur i bhfeidhm, an seans go dtarlóidh an riosca agus tionchar an riosca dá dtarlódh sé agus riosca iarmharach san áireamh.

- Déantar rioscaí a aithnítear a mharcáil/a mheas ansin bunaithe ar na critéir a bhaineann le tionchar agus dóchúlacht, a leagtar amach thuas.

- Is éard atá i gceist le riosca deiridh ná an tionchar a bheadh ag an riosca agus an seans go dtarlóidh sé nuair a chuirtear príomhchórais rialaithe i bhfeidhm. Tá an tSCP freagrach as a chinntiú go bhfuil córas i bhfeidhm chun athbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar chórais rialaithe a aithnítear chun a chinntiú go n-oibríonn siad go héifeachtach i gcónaí. Ag brath ar cé chomh hard atá marc iomlán gach riosca, bheadh bearta éagsúla ag teastáil, .i. má tá marc ard i gceist, bheadh beart ag teastáil láithreach bonn.  Ba chóir pleanáil a dhéanamh do gach riosca, ach ní mór acmhainní a úsáid ar na rioscaí sin atá níos coitianta agus ag a mbeadh an tionchar is tromchúisí ar an eagraíocht.

- Déantar marc iomlán an riosca a mheas mar seo a leanas:

  - Ardriosca  15 - 25
  - Riosca Measartha        9 - 14
  - Riosca Íseal  1 - 8

- Nuair a aithnítear agus nuair a dhéantar measúnú ar riosca, déanfar é a thaifeadadh ar an gclár riosca corparáideach.

## Pleananna Gnímh

- Má cheaptar nach bhfuil córais rialaithe sásúil go leor i dtaca leis an bhfonn atá ar an tSCP glacadh le rioscaí, cuirfear plean gnímh i bhfeidhm chun leibhéal éifeachtachta na gcóras rialaithe a mhéadú. Aithneofar Úinéir an Riosca agus Úinéir an Ghnímh agus aontófar amscála maidir leis an bplean gnímh a chur i bhfeidhm. Déanfar an t-eolas seo a thaifeadadh sa chlár riosca corparáideach chomh maith.

- Sa chás go bhfuil bearta laghdaithe / córais rialaithe i bhfeidhm ach nach bhfuil siad á leanúint agus nach bhfuil monatóireacht á déanamh orthu, is é polasaí na SCP go nglacfar leis nach bhfuil córais rialaithe shásúla i bhfeidhm, toisc nach mór cleachtais/córais rialaithe laghdaithe a chur in iúl, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu chun úsáid éifeachtach a bhaint astu. Déanfar an t-eolas seo a thaifeadadh sa chlár riosca corparáideach chomh maith.

- Mar thoradh ar an bpróiseas measúnaihe riosca agus rialaithe, leagfar bearta, lena mbaineann freagrachtaí soiléire, amach do gach cás ina n-aithnítear bearna sa timpeallacht rialaithe maidir le riosca. Forbraítear na pleananna gnímh seo, a shocróidh an Bord Bainistíochta, chun córais rialaithe nua a chur i bhfeidhm nó chun feabhas a chur ar chórais rialaithe atá i bhfeidhm cheana féin, de réir mar is gá.

- Chun cuntasacht a chinntiú, déanfar na bearta seo a cheangal leis an riosca agus, mar sin, leis an sprioc ghnó chuí. Mura dtarlaíonn an chuid seo den phróiseas, ní bhainfear leas as buntáistí an phróisis aitheanta riosca. Tá an Bord Bainistíochta freagrach as an sprioc ghnó a bhaint amach agus beidh siad freagrach chomh maith as na bearta seo a sholáthar.

- Déanfaidh an Grúpa Bainistíochta Riosca gach córas rialaithe maidir le riosca corparáideach atá le cur i bhfeidhm a thaifeadadh agus déanfaidh siad athbhreithniú orthu go dtí go gcuirtear i bhfeidhm iad.

- Ní mór go mbeadh fianaise iniúchta ann a dhéanann nasc idir an próiseas aitheanta agus measúnaithe riosca agus na bearta atá le cur i bhfeidhm. Déanfar é seo trí úsáid éifeachtach a bhaint as an gcóras eRisk.

- Leagfar na nithe seo a leanas amach sna pleananna gnímh:

  - Bearta socruithe maidir le córais rialaithe chun dul i ngleic le rioscaí
  - Freagracht as na gníomhaíochtaí beartaithe a chur i bhfeidhm.
  - Amscála do na bearta.

- Déanann an Grúpa Bainistíochta Riosca monatóireacht ar chur i bhfeidhm na bpleaanna gnímh rialaithe agus tuairiscíonn siad, i ndiaidh gach crunnithe den

ghrúpa bainistíochta riosca (trí Chathaoirleach an Ghrúpa), aon deacrachtaí maidir le dul chun cinn na bpleananna sin don Bhord Bainistíochta. Ba chóir don úinéir feidhme cuí an Grúpa Bainistíochta Riosca a chur ar an eolas faoi aon mhoill.

**Próiseas Monatóireachta agus Tuairiscithe Riosca**

Is é toradh an mhéid thuas, a ndéantar é a thaifeadadh ar an gclár riosca corparáideach, an phríomhuirlis tuairiscithe agus mhonatóireachta don bhainistíocht riosca san eagraíocht.

Tá úinéir chlár riosca na feidhme freagrach as a chinntiu go gcuirtear an polasaí bainistíochta riosca i bhfeidhm agus go seoltar torthaí ar aghaidh chuig rúnaí an ghrúpa bainistíochta riosca mar chlár riosca nuashonraithe.

Cuirfidh an grúpa bainistíochta riosca plean gníomhaíochta bhliantúil le chéile agus tuairiscíonn siad don Bhord Bainistíochta i ndiaidh gach cruinnithe Bainistíochta Riosca maidir le (i) dul chun cinn i gcomparáid leis an bplean agus (ii) éifeachtúlacht an chreat bainistíochta riosca san eagraíocht.

Sula gcuirtear tionscnaimh / tionscadail nua i bhfeidhm, déanfar cleachtadh cuimsitheach anailíse riosca agus déanfar é a thaifeadadh. Déanfar an clár/na cláir riosca chuí a nuashonrú agus cuirfear córais rialaithe san áireamh sa chlár riosca nuair is cuí.

**Polasaí maidir le hEachtraí a Bhainistiú**

Déanfaidh an bainisteoir sinsearach cuí athbhreithniú ar gach eachtra (agus gach "neastimpiste") a dtugtar rátáil de "3" dóibh maidir le tionchar agus cuirfear an rátáil iomlán mheasta i gcomparáid leis an ráiteas riosca chun tromhchúis a mheas. Cuirfear aon eachtra a dtugtar rátáil dó atá ar aon chéim le nó níos airde ná an fonn atá ar an eagraíocht glacadh le rioscaí ar aghaidh chuig an Grúpa Bainistíochta Riosca (trí úsáid a bhaint as an bFhoirm maidir le hEachtraí a Thuairisciú – Aguisín 4) nó chuig an bFhoireann um Chaighdeán a Riar (trí úsáid a bhaint as próiseas an CAPA), cé acu is oiriúnaí, dar leis an mbainisteoir sinsearach. Déanfar an clár/na cláir riosca chuí a nuashonrú i ndiaidh an athbhreithnithe seo.

Déanfar rioscaí a dtugar rátáil dóibh atá níos ísle ná an fonn atá ar an eagraíocht glacadh le rioscaí a bhainistiú ag leibhéal áitiúil, agus cuirtear córais rialaithe i bhfeidhm chun an riosca a laghdú agus déanfar an riosca agus na córais rialaithe a thaifeadadh sa chlár riosca feidhme. Cuirfear riosca atá cosúil leis an riosca sin / eachtraí a d'fhéadfadh tarlú san áireamh. Ba chóir na rioscaí/neastimpistí seo a thuairisciú don Fhoireann um Chaighdeán a Riar (trí úsáid a bhaint as próiseas an CAPA) má cheapann an bainisteoir sinsearach cuí go bhfuil sé sin riachtanach.

Déanfar gach eachtra/neastimpiste a fhiosrú i gcruinnithe Ceannaireachta, ina roinntear ceisteanna a bhaineann le caighdeán agus ina n-aithnítear pointí foghlama comhroinnte.  Cuirfidh an Grúpa Ceannaireachta na pointí foghlama seo ar aghaidh chuig a bhfoirne ansin.

Aontófar plean laghdaithe chun tionchar na n-eachtraí/rioscaí seo a laghdú agus cuirfear i bhfeidhm é (tríd an nGrúpa Ceannaireachta nó trí fhóraim aontaithe eile).

Déanfar athbhreithniú ar eachtraí a bhaineann le leanúnachas gnó maidir le pointí foghlama a aithnítear chun tionchar na rioscaí sin nach bhfuil smacht ag an tSCP orthu a laghdú.

**Oiliúint**

Cuirfear oiliúnt ar fáil don Ghrúpa Bainistíochta Riosca gach dhá bhliain chun a chinntiú go gcoinnítear cothrom le dáta iad faoi fhorbairtí sa bhainistíocht riosca sa tseirbhís phoiblí agus faoi cheisteanna cuí a bhaineann le rialachas corparáideach.

Cuirfear baill foirne ar an eolas faoi roinnt príomhréimsí gach bliain; beidh na nithe seo a leanas san áireamh:

- Spriocanna Bainistíochta Riosca
- Freagrachtaí Feidhmiúcháin
- Freagrachtaí Bainisteora Líne
- Freagrachtaí na mBall Foirne
- Polasaí maidir le hEachtraí a Bhainistiú – Rioscaí agus Neastimpistí.

Spreagfar baill foirne, ag Seisiúin Feasachta Gnó, chun eachtraí foghlama agus ceisteanna a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht a roinnt agus a phlé chun nuálaíocht leanúnach agus feabhsú cáilíochta a chinntiú.

**Ról na Feidhme Iniúchta sa tSCP**

- An Chairt agus na Téarmaí Tagartha d'Fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh agus don Choiste Iniúchta a leasú ar bhonn bliantúil.
- Plean Iniúchta Straitéiseach a fhorbairt gach trí bliana.
- A chinntiú go gcuirtear an clár iniúchta aontaithe i bhfeidhm.
- Tacaíocht riaracháin a thabhairt don Choiste Iniúchta agus feidhmiú mar Rúnaí.
- Iniúchtaí inmheánacha aontaithe a dhéanamh agus tuairisciú don lucht bainistíochta maidir le torthaí.
- Teagmháil a dhéanamh le hIniúchóirí Inmheánacha seachtracha ar conradh, de réir mar is gá.
- Taifid den obair a dhéantar agus de chaiteachas ar Iniúchóirí Inmheánacha seachtracha ar conradh a choinneáil.
- Tuairisciú don Oifigeach Cuntasaíochta/don Bhord maidir le dul chun cinn.
- Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú don Choiste Iniúchta i mí Eanáir gach bliain.
- Cuireadh a thabhairt don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste freastal ar Chruinniú an Choiste Iniúchta gach bliain.
- Ceistneoirí a sheoladh amach i ndiaidh scaipeadh na dtuairiscí iniúchta.
- Tuairisc dul chun cinn a choinneáil maidir le cur i bhfeidhm.
- Tuairisciú don Choiste Iniúchta maidir le cur i bhfeidhm moltaí.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm gach molta ar bhonn bliantúil agus tuairisc a sheoladh chuig an gCoiste.
- Tuairiscí Iniúchta a sheoladh chuig bainisteoirí sinsearacha.
- A chinntiú go dtuigtear modhanna feabhsaithe iniúchta/forbairtí sa réimse seo.
- Coincheap an iniúchta a chur chun cinn san oifig.
- Cleachtadh soláthair a dhéanamh chun seirbhísí Iniúchóirí Inmheánacha gairmiúla a choinneáil.
- Ahtbhreithniú a dhéanamh ar bhallraíocht den Choiste gach trí bliana.

## SREABHCHAIRTEACHA DO CHÓRAIS INIÚCHTA INMHEÁNAIGH

## Coiste Iniúchta

1. Baill den Choiste Iniúchta a aithníonn an tOifigeach Cuntasaíochta agus dona dtugann an Bord faomhadh.
2. Déanann ball amháin ionadaíocht don Bhord, ní oibríonn an Cathaoirleach san oifig agus ní mór go mbeadh eolas faoi chuntasaíocht earnála poiblí ar bhall amháin.
3. Litir bhuíochais a sheoladh amach chuig baill le sonraí faoin téarma oifige
4. Pacáiste ionductaithe a ullmhú - Téarmaí Tagartha, eolas Cúlra srl.
5. Teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuncead a fháil baill sheachtracha den choiste iniúchta a íoc.
6. Comhairle a thabhairt do bhaill sheachtracha maidir le sonraí íocaíochta agus cóip den fhaomhadh a chur ar fáil.
7. Ríomhphost a sheoladh chuig an Aonad Airgeadais i ndiaidh gach cruinnithe chun íocaíocht a phróiseáil - uimhir tagartha na litreach faofa a chur ar fáil
8. Tugann an Cathaoirleach faomhadh don Chlár agus do na Dréacht-mhiontuairiscí sula seoltar amach iad.
9. Cruinnithe a eagrú agus páipéir a sheoladh amach

## Athbhreithniú Iniúchta Inmheánaigh

1. Aithníonn an Coiste Iniúchta an chéad tionscadal eile ó phlean aontaithe
2. Socraíonn an fheidhm iniúchta dátaí le hiniúchóir seachtrach ar conradh (agus aontaíonn siad téarmaí tagartha agus Príomhtháscairí Feidhmíochta) agus le Baill Foirne na SCP; socraítear téarmaí tagartha d'iniúchtaí neamhchaighdeánacha leis an gCoiste Iniúchta
3. Seolann feidhm an iniúchta inmheánaigh cáipéisí beartais/nóis imeachta ar aghaidh chuig an iniúchóir seachtrach ar conradh.
4. Eagraíonn Feidhm an Iniúchta áiseanna don iniúchóir seachtrach ar conradh *(oifig, cárta rochtana, baill foirne).*
5. Seoltar dréacht-thuairisc chuig Feidhm an Iniúchta - (teagmháil leis an iniúchóir má tá moill i gceist)
6. Tuairisc a sheoladh chuig an bPOF, chuig Ceannasaí na Seirbhísí Corporáideacha agus chuig páirtithe leasmhara eile
7. Teagmháil a dhéanamh leis an iniúchóir seachtrach ar conradh maidir le soiléiriú, leasuithe srl.
8. A chinntiú go gcomhlíontar Freagra an Lucht Bainistíochta agus go bhfuil sé oiriúnach
9. Cóip aontaithe a sheoladh ar ais chuig an iniúchóir seachtrach ar conradh
10. Seolann an tIniúchóir Seachtrach ar Conradh Tuairisc Deiridh chuig Feidhm an Iniúchta
11. Cuirtear an Tuairisc Deiridh san fhillteán do Thuairiscí Deiridh.
12. Seoltar comhad ina bhfuil páipéir chuig an gCoiste Iniúchta
13. Cóipeanna de gach tuairisc Iniúchta Deiridh chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nuair a iarrtar a leithéid.
14. Ordú iarratais agus ceannaigh a phróiseáil nuair is gá. Taifid d'íocaíochtaí a choinneáil agus a chinntiú go gcloíonn siad leis an gconradh

## Tuarascáil Bhliantúil an Choiste Iniúchta

1. Plean a thabhairt don Choiste Iniúchta do chruinniú mhí na Nollag agus é a dhréachtú go luath i mí Eanáir
2. Athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí a rinneadh roimhe seo agus formáid agus téacs nár athraíodh a roghnú
3. Athbhreithniú a dhéanamh ar mhiontuairiscí cruinnithe a dtugtar faomhadh dóibh le linn na bliana agus gníomhaíocht a chur san áireamh sa tuarascáil
4. Iarraidh ar aonaid chuí eolas a thabhairt
5. Dréacht-thuairisc a sheoladh chuig Ceannasaí na Seirbhísí Corporáideacha ionas gur féidir leo faomhadh a thabhairt di agus, ansin, í a sheoladh chuig an gCoiste ionas gur féidir leo faomhadh a thabhairt do dhréachtanna (ba chóir an chéim seo a leanúint arís agus arís eile go dtí go bhfuil dréacht deiridh ar fáil).
6. An dréacht-thuairisc deiridh a chur san áireamh mar mhír ar chlár chéad chruinniú na bliana
7. Aon leasuithe a dhéanamh i ndiaidh an chruinnithe agus an tuairisc a athscaipeadh do fhaomhadh deiridh, más gá.
8. Socrú a dhéanamh maidir le haontú na mball den Choiste a fháil faoin tuairisc deiridh, mura aontaíodh í an an gcruinniú
9. An dréacht deireanach a sheoladh chuig an Oifigeach Cuntasaíochta
10. Cuirfidh Cathaoirleach an Choiste Iniúchta an tuairisc don Bhord
11. Cóipeanna den tuairisc dheiridh a chur i bhFillteán an Iniúchta Inmheánaigh.
12. An Tuarascáil Bhliantúil a chur leis na Cáipéisí a sheoltar chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nuair a iarrtar a leithéid.

## Nósanna Imeachta ina dhiaidh sin

1
- Achoimre ar mholtaí a bhaint as an tuairisc iniúchta deiridh agus iad a chur san áireamh sna moltaí sa tuairisc atá le réiteach

2
- Teimpléad d'ath-thuairisc a dhréachtú sé mhí ó cuireadh an tuairisc iniúchta i láthair.

3
- Cáipéis(í) a sheoldh ar aghaidh chuig páirtithe leasmhara agus comhairle a thabhairt maidir le dáta don fhreagra

4
- Cáipéisí a sheoladh chuig Ceannasaí na Seirbhísí Corporáideacha chun faomhadh a fháil

5
- Iarcháipéis(í) a sheoladh chuig an gCoiste Iniúchta dá gcruinniú

6
- Tuairiscí deiridh a chur i gcomhad

7
- Seicliosta don Tuairisc Iniúchta a Nuashonrú

8
- Leanúint leis an bpróiseas do gach cruinniú go dtí go gcuirtear gach moladh i bhfeidhm

## Plean Iniúchta a Ullmhú

1. Plean a fhorbairt gach trí bliana
2. Athbhreithniú a dhéanamh ar Chláir Riosca agus moltaí a lorg ón nGrúpa Bainistíochta Riosca
3. Moltaí a lorg ón mBord, ón mBord Bainistíochta, ón mBainistíocht Shinsearach agus ó Bhainisteoirí Earcaíochta
4. Réimsí a aontaíonn an Coiste Iniúchta a chur san áireamh in ngach plean iniúchta, .i. párolla, cuntasaíocht agus tuairisciú (féach ar an bplean roimhe seo).
5. Plean Iniúchta Straitéiseach a dhréachtú
6. Dréacht a sheoladh chuig an mBord agus chuig an mBord Bainistíochta
7. Dréacht a sheoladh chuig an gCathaoirleach agus, ansin, chuig Baill an Choiste
8. An dréacht a nuashonrú le haon mholtaí agus é a sheoladh chuig an mBord, an mBord Bainistíochta, an gCoiste Iniúchta
9. Dréacht a chur i gcomhadh le Cáipéisí Oifigiúla agus a chur ar an leathanach ar an Inlíon a bhaineann le hIniúchadh Inmheánach

## Seicliostaí Iniúchta

### Seicliosta d'Iniúchadh Aonair

| Réimse | Ceisteanna a Aithnítear | Athbhreithniú / An Chaoi a Láimhseáladh Ceisteanna | Dáta Comhlíonta |
|---|---|---|---|
| Faomhadh a thabhairt do scóip an iniúchta agus príomhtháscairí feidhmíochta a aontú (amscálaí, buiséad, uaireanta oibre, baill foirne, na nithe a bhfuiltear ag súil leo sa tuairisc dheiridh) | Príomhtháscairí Feidhmíochta a Aithníodh: | Feidhmíocht i gcomparáid le Príomhtháscairí Feidhmíochta: | |
| Ceisteanna a tháinig chun cinn le linn an iniúchta (má tháinig) | | | |
| Dréacht-Thuairisc Faighte | | | |
| Nótaí Bainistíochta Comhaontaithe | | | |
| Dréacht-Thuairisc seolta chuig an bPOF | | | |
| Freagraí don Iniúchóir Inmheánach comhaonaithe | | | |
| Dréacht-Thuairisc seolta chuig an gCoiste Iniúchta | | | |
| Tuairisc fhaofa seolta chuig an mBord Bainistíochta | | | |
| Tuairisc fhaofa seolta chuig Bord na SCP | | | |
| Caighdeán na Tuairisce measta ag an gCoiste Iniúchta | | | |
| Caighdeán na Tuairisce measta ag an mBord Bainistíochta | | | |
| Caighdeán na Tuairisce measta ag Bord na SCP | | | |
| Líon na moltaí a rinneadh | | | |
| Líon na moltaí a cuireadh i bhfeidhm | Dáta an Chruinnithe:<br>Dáta an Chruinnithe:<br>Dáta an Chruinnithe: | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Líon na moltaí nár cuireadh i bhfeidhm | Dáta an Chruinnithe:<br>Dáta an Chruinnithe:<br>Dáta an Chruinnithe: | | |
| Ceisteanna le hardú le hIniúchóirí | | | |
| Ceisteanna le hardú le Feidhm na Cáilíochta | | | |

**Seicliosta Bliantúil d'Fheidhm an Iniúchta**

| **Réimse** | **Eolas is déanaí/Ceisteanna** | **An Chaoi a Láimhseáladh Ceisteanna** | **Dáta Comhlíonta** |
|---|---|---|---|
| Athbhreithniú ar gach tuairisc maidir le comhlíonadh le scóip agus caighdeáin chomhaontaithe. | | | |
| Líon na moltaí a rinneadh | | | |
| Líon na moltaí a cuireadh i bhfeidhm | | | |
| Líon na moltaí nár cuireadh i bhfeidhm | | | |
| Measúnú agus ath-athbhreithniú neamhspleách ar gach moladh a cuireadh i bhfeidhm | | | |
| Measúnú agus ath-athbhreithniú neamhspleách ar gach moladh nár cuireadh i bhfeidhm | | | |
| Athbhreithniú ar gach seicliosta aonair maidir le ceisteanna a aithníodh agus comhlíonadh ginearálta | | | |
| Dul chun cinn maidir le gach ceist a aithníodh i seicliostaí agus ceisteanna a chuirtear ar aghaidh chuig an Grúpa Cailíochta a fhiosrú | | | |
| Aiseolas lorgtha ón gCoiste Iniúchta maidir le cáilíocht tuairiscí iniúchta agus | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| feidhme iniúchta sa dá bhliain déag is déanaí. | | | |
| Aiseolas lorgtha ón nBord Bainistíochta maidir le cáilíocht tuairiscí iniúchta agus feidhme iniúchta sa dá bhliain déag is déanaí. | | | |
| Aiseolas lorgtha ó Bhord na SCP maidir le cáilíocht tuairiscí iniúchta agus feidhme iniúchta sa dá bhliain déag is déanaí. | | | |
| Athbhreithniú ar chairt agus pholasaithe iniúchta inmheánaigh a cuireadh i bhfeidhm | | | |

## Aguisín I - Sainmhínithe

| | |
|---|---|
| **Riosca:** | Sainmhínítear 'riosca' mar aon rud a chuireann bac le heagraíocht agus í ag iarraidh a spriocanna a bhaint amach. |
| **Rioscaí a Aithint:** | An próiseas chun na rioscaí a d'fhéadfadh tarlú agus an chaoi a bhféadfadh siad tarlú a shocrú. |
| **Polasaí Riosca** | Leagann an polasaí riosca dearcadh na SCP maidir leis na caigdeáin a bhaineann le riosca a aithnt, a mheas, a láimhseáil, a laghdú, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a thuairisciú, de réir cumarsáide maidir leis an bhfonn atá ar an tSCP glacadh le rioscaí. |
| **Bainistíocht Riosca** | Is éard atá i gceist leis an mBainistíocht Riosca ná an próiseas trína ndéantar rioscaí a aithint, a mheas, a bhainistiú agus a rialú. |
| **Rioscaí a Mheas** | Déanfaidh an Fhoireann Ardbhainistíochta rioscaí a mheas agus a chur in ord tosaíochta bunaithe ar an seans go dtarlóidh siad agus ar an tionchar a bheadh acu ar an eagraíocht má tharlaíonn siad. |
| **Neamhchosaint ar Riosca** | An seans go dtarlódh caillteanas nó dochar de bharr teipe in oibríochtaí gnó. Baineann dhá ghné de gach neamhchosaint:<br>• Méid an chaillteanais nó an dochair (tionchair); agus<br>• Leochaileacht na heagraiochta má theiptear ar phróiseas (dóchúlacht). |

| | |
|---|---|
| **Tionchar Riosca** | An damáiste/dochar a bhaineann le drochthionchar a bheadh ag teip oibríochta ar an eagraíocht a mheas. Baintear úsáid as scála 1- 5 (1 = gan tábhacht, 5 = tubaisteach) chun an tionchar a bheadh ag an riosca ar an tSCP má tharlaíonn sé a mheas. |
| **An Seans go dTarlóidh Riosca** | An seans go dtarlóidh teip oibríochta gnó in eagraíocht. Déantar an seans go dtarlóidh teip den chineál seo a mheas trí úsáid a bhaint as scála 1 – 5 (1 = annamh, 5 = beagnach cinnte). |
| **Fonn Glacadh le Riosca** | Ciallaíonn an téarma 'fonn glacadh le riosca' an leibhéal riosca a bhfuil gnó sásta glacadh leis maidir leis an ngníomhaíocht atá i gceist. |
| **Rioscaí a Laghdú** | Na straitéisí agus córais rialaithe, lena n-áirítear polasaithe, nósanna imeachta, cleachtais agus próisis, atá i bhfeidhm chun an dochar a dhéanfaí má tharlaíonn riosca a chosc nó a laghdú. |

| Scór | Catagóir | Cur síos | % dochúlacht |
|---|---|---|---|
| 1 | **Annamh** | Is cosúil nach dtarlóidh sé ach i gcúinsí eisceachtúla; próisis shimplí; ní raibh aon neamhchomhlíonadh i gceist roimhe seo. | 0-20% |
| 2 | **Seans beag go dtarlóidh sé** | D'fhéadfadh sé tarlú am éigin; seans níos lú ná 40% go dtarlóidh sé; próiseas neamhchasta agus/nó córas srianta agus ceartúchán i bhfeidhm. | 21-40% |
| 3 | **Is féidir go dtarlóidh sé** | Is féidir go dtarlóidh sé am éigin; seans 41%-60% go dtarlóidh sé; próiseas casta le córas cuimsitheach srianta agus ceartúchán; tionchar ar chúinsí nach bhfuil smacht ag an eagraíocht orthu. | 41-60% |
| 4 | **Seans maith go dtarlóidh sé** | Is dócha go dtarlóidh sé am éigin; seans 61%-80% go dtarlóidh sé; próiseas casta le roinnt córas srianta agus ceartúchán; tionchar ar chúinsí nach bhfuil smacht ag an eagraíocht orthu. | 61-80% |
| 5 | **Beagnach**<br>**Cinnte go dtarlóidh sé** | Is dócha go dtarlóidh sé sa chuid is mó de chásanna; seans níos mó ná 81% go dtarlóidh sé; próiseas casta gan ach córas teoranta srianta agus ceartúchán; tionchar ar chúinsí nach bhfuil smacht ag an eagraíocht orthu. | 81-100% |

Aguisín 3 – Tionchar an Riosca a chur san áireamh 44

| Leibhéal & Cur síos | Airgeadas - % Glansóchmhainní | Tionchar ar dhea-cháil agus íomhá | Cur isteach ar sheirbhísí tábhachtacha | Torthaí/spriocanna eagraíochta | Neamhchomhlíonadh |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionchar gan tábhacht**<br>**(1)** | 0-20% | Poiblíocht nach mbaineann leis na ceannlínte<br>Níl an locht ar an eagraíocht<br>Tionchar ar bith | Ní chuirfear isteach ar sheirbhísí ar bhealach suntasach | Gan ach tionchar beag | Sárú nóis imeachta neamhurchóideach<br>Gan ach tionchar beag |
| **Tionchar Beag**<br>**(2)** | 21-40% | Poiblíocht nach mbaineann leis na ceannlínte<br>Locht soiléir socraithe gan mhoill<br>Tionchar beag | Ar fionraí go gearrthéarmach<br>Riaráiste oibre glanta < 1 lá | Moill mhíchaoithiúil | Sárú<br>Dochar beag le fiosrúchán |
| **Tionchar Measartha**<br>**(3)** | 41-60% | Poiblíocht arís agus arís eile ach gan ceannlínte a bheith i gceist<br>Réiteach mall | Ar fionraí go meántéarmach<br>Riaráiste oibre glanta le hacmhainní sa bhreis | Moill shuntasach, tearcghnóthacht áil bheag i dtaca le sprioc feidhmíochta | Sárú faillitheach<br>Tús curtha le hathbhreithniú feidhmíochta |
| **Tionchar Mór**<br>**(4)** | 61-80% | Próifíl sna ceannlínte<br>Neamhchosaint arís agus arís eile<br>Locht ar an eagraíocht nó castachtaí gan réiteach | Obair ar fionraí faidréiseach<br>Acmhainní sa bhreis ag teastáil<br>Tioncha ar fheidhmíocht | Moill shuntasach<br>Feidhmíocht i bhfad níos ísle ná an sprioc | Sárú d'aon ghnó nó mórfhaillí<br>Beart smachta |
| **Tionchar Ollmhór**<br>**(5)** | 81-100% | Póiblíocht ardleibhéil sna ceannlínte<br>Cailleadh creidiúnachta | Obair ar fionraí neamhchinntithe faidréiseach<br>Neamhfheidhmíocht | Ní bhaintear sprioc/toradh amach<br>Teip feidhmíochta | Sárú tromchúiseach d'aon ghnó |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | Faillí nó gníomh coiriúil; ionchúiseamh<br>Dífhostú |



publicjobs.ie
Home of the Public Appointments Service

# TUAIRISC D'EACHTRAÍ AGUS NEAS-TEAGMHAS

***Ní mór an fhoirm seo a chomhlíonadh a luaithe is féidir tar éis d'eachtra nó neas-teagmhas tarlú donar thug an bainisteoir sinsearach rátáil de "3" maidir le tionchar (féach ar leathanach 3).***

***Is éard atá i gceist leis an téarma eachtra ná aon bhotúin, teip phróisis, srl. a mbíonn tionchar acu ar sholáthar sheirbhísí na SCP dár gcustaiméirí.***

***Is éard atá i gceist leis an téarma neas-teagmhas ná aon bhotúin, teip phróisis, srl. a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar sholáthar sheirbhísí na SCP dár gcustaméirí ach nach raibh an uair seo.***

***Ba chóir go mbeadh gach ábhar a luaitear a bheith bunaithe ar eolas atá ar fáil faoi láthair.***

***Is féidir go ndéanfar an fhoirm seo a nuashonrú agus a athrú más gá.***

## SONRAÍ TEAGMHÁLA

| | |
|---|---|
| **Ainm** | |
| **Teideal** | |
| **Ról san Eachta/Neas-Teagmhas** | |

## ACHOIMRE AR AN EACHTRA / NEAS-TEAGMHAS

| |
|---|
| **Achoimre ar an Eachtra / Neas-Teagmhas** |
| |

| | |
|---|---|
| **Cén chaoi ar tháinig an eachtra/neas-teagmhas chun cinn?** | |

| | |
|---|---|
| **An dáta ar ar tugadh an eachtra/neas-teagmhas faoi deara** | |
| **An dáta ar tharla/ar thosaigh an eachtra/an neas-teagmhas** | |
| **Na próisis a raibh tionchar ag an eachtra/neas-teagmhas orthu nó ar a bhféadfadh an eachtra/neas-teagmhas tionchar a imirt** | |
| **Líon agus cineálcha na gcustaiméirí a raibh tionchar ag an eachtra/neas-teagmhas orthu?** | |
| **An bhfuil an fhadhb réitithe?** | |
| **Dáta Réitigh** | |

## SONRAÍ FAOIN EACHTRA / NEAS-TEAGMHAS

| |
|---|
| **Cur Síos ar an Eachtra / Neas-Teagmhas** |
| *Tabhair sonraí faoin eachtra / neas-teagmhas, lena n-áirítear an chaoi ar aithníodh í/é* |
| |
| **Tionchar na hEachtra / an Neas-Teagmhais** |
| *Tabhair cur síos ar an tionchar a bhí nó a d'fhéadfadh a bheith ag an eachtra/neas-teagmhas, lena n-áirítear próisis agus/nó feachtais.* |
| |

| |
|---|
| |
| **Cúis leis an Eachtra** |
| *Tabhair sonraí faoin gcaoi /faoin bhfáth ar tharla an eachtra/neas-teagmhas* |
| |

## RÉITEACH NA hEACHTRA / AN NEAS-TEAGMHAIS

| |
|---|
| **Réiteach na hEachtra / an Neas-Teagmhais** |
| *Tabhair sonraí faoi na céimeanna as ar baineadh úsáid chun an fhadhb a laghdú nó a réiteach nó faoi na daoine a raibh baint acu leis na gníomhaíochta réitigh fadhbanna* |
| |
| **Eolas sa Bhreis** |
| *Tabhair aon eolas sa bhreis a cheapann tú atá tábhachtach, ach nár tugadh aon áit eile ar an bhfoirm seo.* |
| |
| **Rioscaí atá ann cheana féin** |
| *Tabhair sonraí faoi aon riosca nó fhadhb atá gan réiteach go fóill.* |
| |

| |
|---|
| |
| **Bearta sa Bhreis atá ag teastáil** |
| *Tabhair sonraí faoi aon bhearta nó straitéisí laghdaithe riosca atá ag teastáil* |
| |

| Tionchar | Dóchúlacht |
|---|---|
| 1 - Gan tábhachr | 1 - Annamh |
| 2 - Beag | 2 - Íseal |
| 3 - Measartha | 3 - Measartha |
| 4 - Suntasach | 4 - Ard |
| 5 - An-Suntasach | 5 - An-Ard |

## Aguisín 5 – Ráiteas i dtaca le Fonn Glacadh le Riosca

### 1. Réamhrá

Tá cuspóir na SCP leagtha amach sa phríomhreachtaíocht faoinar bunaíodh an tSCP[3]. Dar leis an Acht, is é príomhról na SCP "*feidhmiú mar chomhlacht lárnaithe earcaíochta, measúnaithe agus roghnaithe don Státseirbhís agus seirbhís den chineál céanna a chur ar fáil, nuair a iarrtar uirthi, do na húdaráis áitiúla agus do na Boird Sláinte, don Gharda Síochána agus d'aon chomhlacht seirbhíse poiblí eile*" (cuid 34(1)(a) den Acht). Faoin Acht, is féidir leis an tSCP seirbhísí comhairle agus eile a bhaineann le cúrsaí earcaíochta a chur ar fáil don Státseirbhís, d'Údaráis Áitiúla, d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, don Earnáil Oideachais, don Gharda Síochána, do chomhlachtaí poiblí eile agus do ghníomhaireachtaí leathstáit neamhthráchtála, nuair a iarrtar a leithéid (cuid 34(1)(f) den Acht).

[3] An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004 – ar a dtabharfar "An tAcht" amach anseo.

Chun an mhandáid seo a chomhlíonadh go héifeachtach, tá an tSCP ag brath ar a dea-cháil mar eagraíocht maidir le hardchaighdeáin ionracais agus ghairmiúlachta.

Sa Ráiteas, cuirtear na rioscaí is suntasaí atá roimh an tSCP agus cuirtear achoimre ar an gcur chuige chun na rioscaí seo a bhainistiú ar fáil.  Ní mór do gach plean straitéiseach agus gach plean gnó do réimsí feidhme cloí leis an Ráiteas seo.

## 2. Ráiteas Ginearálta maidir le Fonn Glacadh le Rioscaí

Tá réimse leathan rioscaí roimh an tSCP, a léiríonn a freagrachtaí mar sholáthraí lárnach seirbhísí earcaíochta agus roghnaithe don tseirbhís phoiblí.

Is féidir le rioscaí dea-cháile (go háirithe sna réimsí sin nach bhfuil smacht ag an tSCP orthu) a bheith suntasach.  Déantar na rioscaí seo a bhainistiú trí phróiseas mionsonraithe ina leagtar béim ar thábhacht an ionracais, ar an tábhacht a bhaineann le hardchaighdeán a choinneáil agus a bhaneann le cuntasacht.

Maidir le ceisteanna oibríochta agus a bhaineann le cáilocht, níl mórán foinn ar an tSCP glacadh le rioscaí.  Cuireann an tSCP acmhanní ar fáil chun rioscaí oibríochta a bhainistiú go leibhéal inghlactha.  Aithníonn an tSCP nach féidir agus nach rud maith é i gcónaí fáil réidh le cuid de na rioscaí a bhaneann lena gníomhaíochtaí.  Bíonn sé riachtanach glacadh le riosca go minic chun nuálaíocht a chothú i dtionscadail ghnó (go háirithe na rioscaí sn a bhaineann le méadú in úsáid na teicneolaíochta sa tSCP).

Sa chás nach bhfuil smacht ag an tSCP ar an bpróiseas earcaíochta agus ceapacháin iomlán (m.sh. Bord Stáit), bíonn an tSCP sásta glacadh le riosca meánleibhéil a bhainistítear go cúramach trí chloí leis na Treoirlínte nó na Cóid chuí atá i bhfeidhm.  Má tá rioscaí ag teastáil chun nuálaíochtaí a chur i bhfeidhm sa ghnó, glacfaidh an tSCP le riosca meánleibhéil.  Sula gcuirtear aon phróiseas nó teicneolaíocht nua i bhfeidhm, comhlíonfaidh an tSCP próiseas measúnaithe riosca cuimsitheach chun a chinntiú go ndéantar na rioscaí seo a rialú agus a laghdú ar bhealach éifeachtach.  Leagtar anailís mhionsonraithe ar an bhfonn atá ar an tSCP glacadh le riosca maidir le gnéithe éagsúla den obair sa Chairt thíos.

## 3. An Creat Bainistíochta Riosca

Tá sé mar aidhm ag creat bainistíochta riosca na SCP a chinntiú go bhfuil próiseas éifeachtach i bhfeidhm chun rioscaí a bhainistiú san eagraíocht. Is cuid lárnach de gach gné de ghníomhaíochtaí na SCP í an bhainistíocht riosca agus tá gach ball foirne freagrach as. Tá freagracht ar leith ar bhainistreoirí a dtimpeallacht riosca a mheas, agus córais rialaithe a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras rialaithe sin. Cuireann an cultúr, ina bhfuil an bhainistíocht riosca chun cinn, béim ar anailís chúramach ar rioscaí agus ar bhainistíocht riosca i ngach próiseas gnó.

Aithnítear riosca agus déantar iad a mheas agus a bhainistiú ag leibhéal gnó agus ag leibhéal straitéiseach. Déanann an Grúpa Bainistíochta Riosca bainistíocht ar na próisis seo, agus déanann sé imscrúdú ar gach clár riosca ar bhonn bliantúil. Tagann an Grúpa le chéile go rialta le linn na bliana agus tugann sé an t-eolas is déanaí faoina ghníomhaíochtaí don Bhord Bainistíochta i ndiaidh fach cruinnthe Bainistíochta Riosca. Tugtar an plean bliantúil don Ghrúpa Bainistíochta Riosca don Bhord Bainistíochta agus do Bhord na SCP ionas gur féidir leo faomhadh a thabhairt dó.

## Aguisín 6 – Ráiteas maidir le Leasanna

| **Duine/Eagraíocht** | **Cineál caidrimh agus/nó cineál na coimhlinte leasa** |
|---|---|
| m.sh. An Roinn Gnóthaí Poiblí | Fostaí |

Iomlán:
Post:
Síniú: